Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/1431

17.7.2025

**CINNEADH (CBES) 2025/1431 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an 9 Iúil 2025**

**maidir le ceann an aonaid ceannais agus tacaíochta míleata de chuid Thionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh a cheapadh chun tacú le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2025/69 (EUSDI/2/2025)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2023/1599 ón gComhairle an 3 Lúnasa 2023 maidir le Tionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine ([1]), agus go háirithe Airteagal 3 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 3(1) de Chinneadh (CBES) 2023/1599, tá an Coiste Polaitiúil agus Slándála le rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Thionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh a fheidhmiú chun tacú le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine ('an Tionscnamh'). Thairis sin, d'údaraigh an Chomhairle an Coiste Polaitiúil agus Slándála cinntí ábhartha a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chonradh ar an Aontas Eorpach, lena n-áirítear na cinntí maidir le ceann an aonaid ceannais agus tacaíochta míleata a cheapadh.

(2) An 8 Eanáir 2025, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2025/69 ([2]), lena gceaptar an Captaen Francisco Javier LÓPEZ FUSTER mar Cheann an aonaid ceannais agus tacaíochta míleata de chuid an Tionscnaimh ón 15 Eanáir 2025.

(3) An 21 Bealtaine 2025, mhol údaráis na hÍsiltíre an Captaen André (Annius) VAN DER KAMP a cheapadh ina cheann an aonaid ceannais agus tacaíochta míleata de chuid an Tionscnaimh ('an ceapachán molta').

(4) An 2 Meitheamh 2025, thacaigh Ceannasaí Míleata cholún míleata an Thionscnaimh leis an gceapachán molta sin.

(5) An 18 Meitheamh 2025, d'aontaigh Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh a mholadh go bhformheasfadh an Coiste Polaitiúil agus Slándála an ceapachán molta sin.

(6) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an gCaptaen André (Annius) VAN DER KAMP a cheapadh ina cheann an aonad ceannais agus tacaíochta míleata de chuid an Tionscnaimh ón 16 Iúil 2025.

(7) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2025/69 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar an Captaen André (Annius) VAN DER KAMP ina cheann an aonaid ceannais agus tacaíochta míleata de chuid Thionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh chun tacú le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine amhail ón 16 Iúil 2025.

*Airteagal 2*

Leis seo, aisghairtear Cinneadh (CBES) 2025/69.

([1]) IO L 196, 4.8.2023, lch. 25, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/1599/oj.
([2]) Cinneadh (CBES) 2025/69 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 8 Eanáir 2025 maidir le ceann an aonaid ceannais agus tacaíochta míleata de chuid Thionscnamh Slándála agus Cosanta an Aontais Eorpaigh a cheapadh mar thaca le tíortha na hAfraice Thiar i Murascaill na Guine (EUSDI/1/2025) IO L, 2025/69, 13.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/69/oj).

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 16 Iúil 2025.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Iúil 2025.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*

*An Cathaoirleach*

D. PRONK